Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 275/17)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Ayaş Domatesi'

Uimh. AE: PDO-TR-02883 – 9.1.2023

STFC (x) TGFC ( )

1. **Ainm(neacha)**

'Ayaş Domatesi'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is trátaí lagrhaiceann an-súmhar é 'Ayaş Domatesi' a fhástar ag baint úsáide as síolta agus síológa éicitíopa áitiúla i gceantar Ayaş i gcúige Ankara. Tá Ayaş Domatesi' mór agus bog, dar meáchan 250-300 g tá dath bándearg-dearg murtallach ar a chraiceann. Ar chraiceann seachtrach an tráta, tá iomairí beaga ann. Tá paiste bán ar bhia na dtorthaí freisin nuair a roinntear ina dhá cheann é. Mar gheall ar a aigéadacht ard, tá dea-bholadh beagán goirt agus líomóide aige. Tá cion ard lícipéine ag 'Ayaş Domatesi', thart ar 5916 mg /100 g.

Airíonna fisiceacha agus ceimiceacha 'Ayaş Domatesi'		
Ábhar Tirim Intuaslagtha in Uisce (°Bx)		4,20 ar a laghad
luach PH		4,20-4,70 inti
Aigéadacht Iomlán (% Aigéad Citreach)		0,40 % ar a laghad
Luach Dath Hunter (íosta-uasta)	*L	28,0-29,0
	*a	14,0-17,0
	*(b)	8,0-12,0

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainaitheanta*

Ní mór gach céim sa táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, agus pacáistiú srl. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é an limistéar geografach críochaithe ceantar Ayaş de chúige Ankara i Lár Anatolia sa Tuirc.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas ar chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh 'Ayaş Domatesi' bunaithe ar cháilíocht agus ar shaintréithe sonracha an táirge amháin, a eascraíonn as na gnéithe nádúrtha atá sa limistéar geografach.

Tá 'Ayaş Domatesi' tar éis fás in Ayaş ó na 1960idí. Is tráta lagchraicinn an-súmhar é 'Ayaş Domatesi', a fhástar ag baint úsáide as síolta agus síológa san éicitíopa áitiúil. Tá 'Ayaş Domatesi' mór agus bog, dar meáchan 250-300 g tá dath bándearg-dearg murtallach ar a chraiceann. Ar chraiceann seachtrach an tráta, tá iomairí beaga ann. Tá paiste bán ar bhia na dtorthaí freisin nuair a roinntear ina dhá cheann é. Mar gheall ar a aigéadacht ard, tá dea-bholadh beagán goirt agus líomóide aige. Braitheann cruth agus struchtúr torthaí 'Ayaş Domatesi' ar na síolta agus síológa áitiúla a aistrítear ó ghlúin go glúin sa limistéar geografach. Tá an ghné duille caol agus tá struchtúr abhcach ag an bplanda. Tá airde an phlanda thart ar 120 cm agus léiríonn sé forbairt go déanach sa séasúr. Tá duilleoga an tráta cumhdaithe le ribí a bhfuil dianchumhra trátaí acu, díreach cosúil leis an ngas. Tá foirm chumaisc agus mór ag na duilleoga. Cé go bhfuil tógáil ard gréine sa réigiún, ní bhaineann dó gréine do na torthaí mar gheall ar an lann duille mór agus duilleoga flúirseacha 'Ayaş Domatesi'.

Tá ceantar Ayaş, atá suite i Réigiún Anatolia Láir, difriúil ó shaintréithe aeráide an réigiúin seo agus léiríonn sé tréithe aeráide miocraeráide. Tá an aeráid seo éifeachtach ar airíonna an táirge.

Feictear gnéithe tipiciúla na haeráide ilchríochaí in Ayaş, le geimhrí fuara agus samhraí teo tirime. Is í an airde ná 910 m. Is í an mheánteocht bhliantúil ná 11,4 °C, is é 54 % an mheán-taise choibhneasta. Baineann an mheánteocht is ísle de 0,5 °C le mí Eanáir agus baineann an mheánteocht is airde de 22,2 °C le mí Iúil agus mí Lúnasa.

Titeann an fhrasaíocht is airde i mí na Nollag le 57,2 mm agus an fhrasaíocht is ísle i mí Lúnasa le 9,6 mm. Déantar 'Ayaş Domatesi' a phailniú go hoscailte agus forbraíonn sé go déanach. Chun go bpéacfaidh 'Ayaş Domatesi' go rathúil tá gá le teochtaí pailnithe de 10°C agus níos airde, agus laghdaítear céatadán bhláthú na dtorthaí nuair a thiteann an teocht faoi bhun 15°C le linn aibithe. Is é an teocht is fearr le haghaidh péacadh pailine agus le haghaidh bhláthú na dtorthaí ná 18-26 °C agus bogthaise aeir choibhneasta 50-80 %. Ag teocht íseal, is beag deannach pailine a chruthaítear, tarlaíonn torthaí éagruthacha agus iad toirchithe go páirteach. Le linn an phróisis aipithe torthaí, ba chóir an teocht a bheith idir 18-26 °C. Is fearr substaintí datha agus dá bhrí sin lícipéin a shintéisiú ag an teocht seo chomh maith. Tá cion ard lícipéine ag 'Ayaş Domatesi', thart ar 5916 mg /100 g.

Soláthraíonn aeráid cheantar Ayaş na coinníollacha is oiriúnaí le haghaidh pailniú agus forbairt torthaí. Cuirtear síológa le spásáil 50-60 cm le haghaidh trátaí boird, spásáil sraithe 25-30 cm más don tionscal an táirge, agus fad 1.8-2.0 m idir dhá shraith. Tá cion ard potaisiam ag baint leis an modh plandála scáinte seo a úsáideann táirgeoirí agus le hithir na limistéar geografach agus méadaíonn cion iarainn an toradh agus méid na dtorthaí dá réir trí aerchúrsaíocht agus nochtadh na gréine a sholáthar.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

(an dara fomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán seo)